Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**10596/22**

**ECOFIN 659**
**UEM 181**
**SOC 395**
**EMPL 267**
**COMPET 537**
**ENV 654**
**EDUC 258**
**RECH 405**
**ENER 327**
**JAI 939**
**GENDER 118**
**ANTIDISCRIM 92**
**JEUN 130**
**SAN 410**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) / an Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ó Chomhairle ECOFIN i ndáil le Tuarascáil 2021 maidir le hInbhuanaitheacht Fhioscach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na dréachtchonclúidí ón gComhairle i ndáil le Tuarascáil 2021 maidir le hInbhuanaitheacht Fhioscach, mar a d’ullmhaigh an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais an 29-30 Meitheamh 2022.

**TUARASCÁIL 2021 MAIDIR LE hINBHUANAITHEACHT FHIOSCACH**

– Dréacht-Chonclúidí ó Chomhairle ECOFIN –

Déanann an Chomhairle (ECOFIN) an méid seo a leanas:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI 'Tuarascáil 2021 maidir le hInbhuanaitheacht Fhioscach' ón gCoimisiún, ina ndéantar an measúnú ar rioscaí inbhuanaitheachta fioscaí ar fud an Aontais Eorpaigh a nuashonrú, bunaithe ar chur chuige iltoiseach saibhrithe agus a bhaineann as Tuarascáil 2021 ar an Aosú. AITHNÍONN SÍ na feabhsuithe modheolaíocha a tugadh isteach sa tuarascáil sin, go háirithe simpliú agus mionchoigeartuithe ar an Anailís ar Inbhuanaitheacht an Fhiachais agus, ina theannta sin, an tionchar a bhí ag na hinfheistíochtaí arna n-eascairt as Next Generation EU ar fhás OTI meántéarmach a chur san áireamh, agus an cur i láthair a rinneadh ar anailís a léiríonn na rioscaí fioscacha a bhaineann leis an athrú aeráide agus, san am céanna, tugann sí dá haire nach bhfuiltear tar éis a chur san áireamh san anailís sin go dtí seo tionchar féideartha na leasuithe arna n-eascairt as Next Generation EU ar fhás OTI meántéarmach. ATHDHEARBHAÍONN SÍ feidhmeanna difriúla na hanailíse ón gCoimisiún maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach, lena n-áirítear sainaithint rioscaí fioscacha féideartha sna Ballstáit mar bhonn le ceanglais bheartais agus le foirmliú moltaí faoi chuimsiú an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis agus an tSeimeastair Eorpaigh. AITHNÍONN SÍ go ndearbhaítear, ar an iomlán, torthaí Thuarascáil 2021 maidir le hInbhuanaitheacht Fhioscach, leis an nuashonrú a rinneadh i bpacáiste an earraigh ón gCoimisiún, agus gur beag athrú a tugadh faoi deara san aicmiú riosca.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an measúnú ón gCoimisiún go ndealraíonn sé, ar an iomlán, go bhfuil rioscaí fioscacha teoranta ar tí tarlú i bhformhór na mBallstát, cé go bhfuil leochaileachtaí fioscacha agus maicreacnamaíocha fós ann. Bíonn ról tábhachtach ag cistiú Next Generation EU agus ag an tionchar fáis a mheastar a bheidh ag infheistíochtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta maidir le rioscaí gearrthéarmacha a mhaolú. Mar sin féin, is foinse thábhachtach don leochaileacht ghearrthéarma iad na leibhéil arda fiachais, a mhéadaigh a thuilleadh mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19, agus na staideanna glana an-diúltach infheistíochta idirnáisiúnta atá i roinnt Ballstát.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go léirítear go meántéarmach sa mheasúnú a rinne an Coimisiún, má fhanann na beartais reatha gan athrú, go bhfuil rioscaí arda ann do roinnt Ballstát, go príomha mar gheall ar leibhéil arda fiachais rialtais agus ar chonairí fiachais a bheith ag méadú, rud a léiríonn staid fhioscach tosaigh lag agus, i gcásanna áirithe, na méaduithe réamh-mheasta sa chaiteachas poiblí a bhaineann leis an aosú, chomh maith le híogaireacht i leith suaití díobhálacha, agus difreálach fáis úis nach mó ná fabhrach. AITHNÍONN SÍ go gcuirtear tosca breise san áireamh sa mheasúnú: ar thaobh amháin, is foinse bhreise riosca iad dliteanais theagmhasacha, go háirithe dliteanais a bhaineann le ráthaíochtaí rialtais; ina choinne sin, is ionann struchtúr feabhsaithe fhiachas an rialtais, go háirithe trí mheánaibíochtaí sínte, agus an tionchar fabhrach a mheastar a bheidh ag athchóirithe struchtúracha faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus tosca riosca a mhaolú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an éiginnteacht eisceachtúil maidir leis an ionchas eacnamaíoch i ngeall ar fhogha na Rúise faoin Úcráin agus na dúshláin a eascraíonn as na leibhéil arda bhoilscithe.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go léirítear go fadtéarmach sa mheasúnú a rinne an Coimisiún, má fhanann na beartais reatha gan athrú, go bhfuil rioscaí arda ann do roinnt Ballstát, go príomha mar gheall ar na méaduithe réamh-mheasta a bhaineann leis an aosú, agus i gcásanna áirithe i ngeall ar leochaileachtaí atá ceangailte le leibhéil arda fiachais rialtais. MEABHRAÍTEAR DI na dúshláin mhóra a bhaineann le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí i ngeall ar an athrú déimeagrafach.

5. AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh leibhéil arda fiachais phoiblí cur isteach ar an bhfás eacnamaíoch, go laghdófaí cumas na mBallstát cobhsú fritimthriallach a dhéanamh má tharlaíonn cor eile chun donais eacnamaíoch, agus go bhféadfaí iarmhairtí diúltacha a fhágáil, go háirithe laistigh den limistéar euro.

6. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur iarradh i dtorthaí Thuarascáil 2021 maidir le hInbhuanaitheacht Fhioscach go leanfaí, ach a mbeadh na dálaí eacnamaíocha ann, le beartais fhioscacha a dhíríonn ar riochtaí fioscacha meántéarmacha stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú agus feabhas á chur, san am céanna, ar an infheistíocht, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach. AITHNÍONN SÍ go mbeidh cur chun feidhme na n-athchóirithe struchtúracha atá beartaithe, lena n-áirítear iad siúd a dhéanfar faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus i gcomhréir leis na moltaí tírshonracha a eisítear faoin Seimeastar Eorpach, ina ghné thábhachtach chun na rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach a laghdú. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart díriú, trí bhíthin meascán iomchuí beartas chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hinbhuanaitheacht fhioscach, ar fheabhas a chur ar an bhfás, ar an airgeadas poiblí fónta, lena n-áirítear trí chórais na bpinsean, an chúraim sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh a athchóiriú, agus ar an gcobhsaíocht mhacra-airgeadais a áirithiú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-iarrtar ar na Ballstáit, mar gheall ar an dúshlán a bhaineann leis an athrú aeráide, breathnú níos mó ar na himpleachtaí a bheidh aige maidir le pleanáil bhuiséadach, mar aon le beartais éifeachtacha maolaithe agus oiriúnaithe.

7. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an gá atá le leanúint de ghníomhaíocht iomchuí beartais maidir leis na réimsí go léir a bhaineann le haois, agus cásanna a bhaineann go sonrach le tíortha ar leith á dtabhairt ar aird agus bearta lena n-aisiompraítear athchóirithe a rinneadh cheana féin agus a chuireann leis an inbhuanaitheacht á seachaint san am céanna. Áirítear orthu sin céimeanna breise a ghlacadh chun an aois scoir iarbhír a ardú, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht níos faide agus níos airde a chur chun cinn i margadh an tsaothair agus trí luathfhágáil an mhargaidh saothair a sheachaint, agus éabhlóid an ionchais saoil i ndearadh na gcóras pinsin á cur san áireamh san am céanna.

8. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, go háirithe iad siúd a mheastar a bheith i mbaol mór ó thaobh na hinbhuanaitheachta de sa mheántéarma, don tréimhse tar éis 2023, beartas fioscach a shaothrú a bheidh dírithe ar riochtaí fioscacha meántéarmacha stuama a bhaint amach agus ar laghdú fiachais agus inbhuanaitheacht fhioscach inchreidte a áirithiú de réir a chéile sa mheántéarma trí chomhdhlúthú, trí infheistíocht agus trí athchóirithe a dhéanamh de réir a chéile i gcomhréir leis na moltaí tírshonracha. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún torthaí na tuarascála a chur san áireamh ina n-anailísí, ina gceanglais bheartais feasta, agus sna moltaí a dhéanfar faoi chuimsiú an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis agus an tSeimeastair Eorpaigh. Leanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún d'fhaireachán rialta a dhéanamh ar na straitéisí agus ar na forbairtí maidir le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí lena n-áirítear trí fhorbairtí nua i ndálaí maicreacnamaíocha, beartais fhioscacha agus athchóirithe struchtúracha, go háirithe i réimsí a bhaineann le córais na bpinsean, an chúraim sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh, a chur san áireamh sa mheasúnú a dhéanfaidh siad.

9. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mheasúnú foriomlán cuimsitheach rialta a dhéanamh faoi thús 2025 ar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí lena n-áirítear na réamh-mheastacháin chaiteachais a bhaineann leis an aosú a úsáid i dTuarascáil 2024 ar an Aosú, agus comhlachtaí ullmhúcháin ábhartha na Comhairle a chur ar an eolas in am faoi athbhreithnithe ábhartha na mbunmhodheolaíochtaí maidir leis an Anailís ar Inbhuanaitheacht an Fhiachais. Áirítear leis sin na modheolaíochtaí chun measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a fheabhsú a thuilleadh agus leanúint dá chuid oibre, i gcomhar leis na Ballstáit, maidir leis an anailís ar na rioscaí fioscacha a bhaineann leis an athrú aeráide. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún nuashonrú rialta a dhéanamh idir an dá linn ar mheasúnú inbhuanaitheachta an Choimisiúin (trí bhíthin na hionstraime lena ndéantar faireachán ar inbhuanaitheacht fiachais). Ba cheart don Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus don Choiste um Beartas Eacnamaíoch tuarascáil a thabhairt don Chomhairle ar bhonn an mheasúnaithe fhoriomláin chuimsithigh.